Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022 (OR. en)**

**13513/22**

**FIN 1064**
**INST 370**
**PE-L 36**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13320/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 21/2022 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 7 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 21/2022, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is cuspóir leis an togra sin EUR 10.7 milliún san iomlán i leithreasuithe neamhdhifreáilte a ath-leithdháileadh ó mhíreanna 20 02 06 01 (*Speansais mhisin agus ionadaíochta*), 20 02 06 02 (*Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha*) agus 20 02 06 03 (*Cruinnithe coistí*) go míreanna 20 01 02 01 (*Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta*), 20 03 12 01 (*Trealamh teicniúil agus seirbhísí le haghaidh seomraí comhdhála an Choimisiúin*) agus 20 03 13 01 (*Caiteachas aistriúcháin*), mar a leagtar amach in 13320/22.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Tá an t-aistriú á mholadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cuid den uasdátú tuarastail a bhfuiltear ag súil leis do 2022 (EUR 4.3 milliún) a chumhdach, sa bhreis ar an méid a iarrtar i ndréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2022 (EUR 11.7 milliún)[1];

- spásanna cruinnithe an Choimisiúin a athchóiriú (EUR 4.4 milliún);

- an caiteachas ar seachfhoinsiú aistriúcháin go dtí deireadh na bliana a chumhdach (EUR 2.0 milliún).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Deireadh Fómhair 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13320/22 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

---

[1] 13056/22.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 21/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Mise le meas).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).